





Scagthástáil Éisteachta do Leanbh





Scagthástáil éisteachta do leanbh

Déanfaimid scagthástáil ghnáthúil éisteachta a thairiscint do do leanbh sula scaoiltear do leanbh amach as an ospidéal. Úsáidtear modhanna tapa simplí sa tástáil seo chun éisteacht gach naíonán nuabheirthe a scrúdú.

Cén fáth a ndéantar scagthástáil ar éisteacht mo leanbh?

Tá idir leanbh is beirt as gach 1,000 a bheirtear a bhfuil cailleadh éisteachta acu i gcluas amháin nó sa dá chluas. Níl sé éasca cailleadh éisteachta a aithint i leanbh óg. Fágfaidh an scagthástáil éisteachta seo go mbeifear in ann na leanaí sin a bhfuil cailleadh éisteachta acu a shainaithint go luath. Tuigtear go bhfuil tábhacht ag baint le sainaithint luath ó thaobh fhorbairt an pháiste. Toradh eile atá ar shainaithint luath ná gur féidir tacaíocht agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí go luath.

Níl cailleadh éisteachta ag aon duine i mo theaghlach. An gá go fóill do mo leanbh an scagthástáil éisteachta a dhéanamh?

Is gá. Is gá scagthástáil a dhéanamh do gach leanbh. Is minice a bheirtear leanaí a bhfuil cailleadh éisteachta acu i dteaghlach gan cailleadh éisteachta a bheith sa mhianach acu.

An mbeidh an scagthástáil éisteachta pianmhar do mo leanbh?

Ní bheidh. Ní bhíonn an tástáil pianmhar ná míchompordach. Is gnách an scagthástáil a dhéanamh nuair a bheidh do leanbh ina codladh/ina chodladh nó suaimhneach.

Cad é atá i gceist leis an scagthástáil éisteachta?

- Is scagthóir oilte a dhéanfaidh an scagthástáil éisteachta.
- Tugtar Uath-Astú Otafhuaimiúil (AOAE) ar an tástáil.
- Ní ghlacann scagthástáil AOAE ach cúpla nóiméad. Is féidir leat fanacht le do leanbh fad a bheidh an scagthástáil ar siúl.

- Cuireann an scagthóir cluaisín beag a bhfuil barr bog air i gcuid sheachtrach chluas do leanbh. Seoltar fuaimeanna clíceála síos an chluas.
- Nuair a chloiseann an chluas fuaim, déanann an chuid inmheánach, a dtugtar an cochla uirthi, macalla de ghnáth.
- Tá an trealamh scagthástála in ann an macalla sin a fháil.

Cén uair a gheobhaidh mé torthaí na scagthástála éisteachta?

Tabharfaimid na torthaí duit ag am céanna a dhéantar an scagthástáil. Má bhíonn ábhar imní nó ceisteanna ar bith agat maidir le toradh do leanbh, déan teagmháil leis an gClár Scagthástála Éisteachta do Naíonáin Nuabheirthe (Newborn Hearing Screening Programme). Tá an uimhir theileafóin ar fáil ar chúl an leabhráin seo.

Bíonn an dara scagthástáil éisteachta de dhíth ar leanaí áirithe

Cén fáth a bhfuil an dara scagthástáil éisteachta de dhíth ar mo leanbh?

Bíonn an dara scagthástáil éisteachta de dhíth ar chuid mhór leanaí ós rud é nár léirigh an chéad scagthástáil freagairt shoiléir ó dhá chluas do leanbh. Ní gá go gciallódh sé sin go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh.

Seo a leanas roinnt de na cúiseanna coitianta, seachas cailleadh éisteachta, chun dara scagthástáil a dhéanamh:

- D'fhéadfadh sé go raibh do leanbh míshuaimhneach nuair a rinneadh an scagthástáil.
- D'fhéadfadh sé go raibh callán sa chúltra nuair a bhí an scagthástáil ar siúl.
- D'fhéadfadh sé go bhfuil sreabhán nó bacainn shealadach i gcluas do leanbh tar éis a b(h)reithe. Tá sé seo an-choitianta agus beidh deireadh leis in imeacht ama.

Cá háit a ndéanfar an dara scagthástáil?

Déanfar an dara scagthástáil ar do leanbh sula bhfágfaidh tú an t-ospidéal, de ghnáth.

Cad é atá i gceist leis an dara scagthástáil?

Féadfaidh an dara scagthástáil a bheith mar an gcéanna leis an gcéad scagthástáil, an scagthástáil um Uath-Astú Otafhuaimiúil (AOAE). Glacann scagthástáil AOAE cúpla nóiméad.

D'fhéadfaí scagthástáil de chineál eile a dhéanamh ar do leanbh. Tugtar an scagthástáil um Uathfhreagairt Éisteachta Stoc na hInchinne (AABR) air.

- Cuireann an scagthóir trí bhraiteoir bheaga ar cheann agus ar mhúineál do leanbh.
- Cuirtear cluasáin bhoga, a ndéantar go speisialta le haghaidh leanaí, ar chluasa do leanbh agus castar sraith fuaimeanna cliceála.
- Cuirfidh an trealamh scagthástála éisteachta in iúl dúinn cé chomh maith is a fhreagraíonn cluasa do leanbh d'fhuaimeanna.
- Féadann an scagthástáil AABR a bheith idir 5 agus 30 nóiméad ar fhad.

Is féidir leat fanacht le do leanbh fad a bheidh an scagthástáil ar siúl. Ní bheidh ceachtar de na scagthástálacha pianmhar ná míchompordach do do leanbh. Is gnách iad a dhéanamh nuair a bheidh do leanbh ina codladh/ina chodladh nó suaimhneach.

Cad é is féidir liom a dhéanamh le mo leanbh a ullmhú don dara scagthástáil?

Is fusa an scagthástáil a dhéanamh má bhíonn do leanbh ina codladh/ina chodladh. Ná bí buartha mura socróidh do leanbh síos. Tuigfidh an scagthóir éisteachta go bhfuil sé deacair leanbh óg a chur a codladh/ina chodladh. D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas cabhrú le do leanbh socrú síos i rith na scagthástála:

- Más féidir, beathaigh do leanbh go gairid roimh an scagthástáil.
- Déan cinnte de go mbeidh gach rud agat a bheidh ag teastáil ionas go mbeidh do leanbh breá compordach.

Is cosúil go bhfuil mo leanbh ag freagairt do na fuaimeanna. An bhfuil an dara scagthástáil éisteachta de dhíth ar mo leanbh go fóill?

Faightear amach nach bhfuil aon cailleadh éisteachta ag formhór leanaí i ndiaidh an dara scagthástáil éisteachta, ach tá sé fós an-tábhachtach go mbeidh an dara scagthástáil ag do leanbh. Tarlaíonn sé sin toisc go bhfreagraíonn leanaí a bhfuil cailleadh éisteachta acu do roinnt fuaimeanna de ghnáth. Má bhíonn cailleadh éisteachta ag do leanbh tá sé tábhachtach go mbeidh tú ar an eolas faoi a luaithe agus is féidir.

Cad é a chiallaíonn na torthaí má léiríonn an dara scagthástáil éisteachta freagairt shoiléir ó dhá chluas mo leanbh?

Ciallaíonn sé sin nach dócha go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh. Ná déan dearmad gur féidir cailleadh éisteachta teacht ar pháistí ag pointe níos déanaí ina saol agus mar sin tá sé tábhachtach éisteacht do pháiste a sheiceáil agus iad ag fás aníos.

I ndiaidh na scagthástála éisteachta tabharfaimid dhá *Liosta Seiceála* duit ar a bhfuil fuaimeanna ar chóir do do leanbh freagairt dóibh, chomh maith leis na cineálacha fuaimeanna ar chóir don leanbh a dhéanamh agus í/é ag fás aníos.

Má bhíonn ábhar imní ar bith agat maidir le héisteacht do pháiste, déan é sin a phlé leis an altra sláinte poiblí nó le do liachleachtóir ginearálta (dochtúir teaghlaigh). Is féidir éisteacht do pháiste a thástáil ag aois ar bith.

Cad é a tharlódh mura léireoidh an dara scagthástáil freagairt shoiléir ó chluas amháin de chuid mo leanbh nó ón dá chluas?

Mura bhfaightear freagairt shoiléir ó chluas amháin nó ón dá chluas sa dara tástáil, déanfar thú a atreorú chuig an gClinic Éisteolaíochta (clinic na gcluas). Déanfar tástálacha ar leith i sa Chlinic Éisteolaíochta chun éisteacht do leanbh a mheas. Tarlaíonn sé seo go minic agus ní gá go gciallaíonn sé go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh.

D'fhéadfadh roinnt cúiseanna eile a bheith ann le nach bhfuarthas freagairt shoiléir sa dara scagthástáil ó cheann amháin de chluasa do leanbh nó ón dá chluas. Má dhéanann éisteolaí (duine a dhéanann speisialtóireacht san éisteacht) tástálacha breise, cuirfidh sé sin eolas níos fearr ar fáil duit maidir le héisteacht do leanbh.

Tabharfaimid bileog duit ag míniú cad é atá i gceist leis seo.


Cad é an dóchúlacht go bhfuil cailleadh éisteachta ag mo leanbh mura ndéantar freagairtí soiléire a thaifeadadh sa dara scagthástáil?

Déanfar freagairtí soiléire ar fhuaimanna a thaifeadadh do mhórán leanaí ag an dara scagthástáil agus sna tástálacha breise a dhéanann an t-éisteolaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh cailleadh éisteachta a bheith ag do leanbh.

Ar bhonn náisiúnta, d'fhéadfadh cailleadh éisteachta a bheith ag leanbh amháin as gach 25 de na leanaí nach dtaifeadtar freagairtí soiléire ina leith i gcluas amháin nó dhá chluas i rith an dara scagthástáil. Má fhaigheann tú amach go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh, ciallaíonn sé sin go bhfaighidh tú féin agus do leanbh comhairle agus tacaíocht ón tús.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le scagthástáil éisteachta do linbh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gClár Scagthástála Éisteachta do Naíonáin Nuabheirthe (Newborn Hearing Screening Programme). Tá an uimhir theileafóin agus sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo.



An t-ábhar seo curtha ar fáil go fíal ag an gClár Scagthástála Éisteachta do Naionáin Nuabheirthe, an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) / Coiste Náisiúnta Scagthástála, an Ríocht Aontaithe